

30ú Bealtaine 2025

# SCÉALTA SCOILE

A Thuismitheoir,

Tá mí eile curtha dinn.

Lean céiliúradh Rang 2 ar aghaidh ar an Luan le cuairt ó sheó bóthair na n-ainmhithe. Glacadh go han-mhaith leis an bpíotsa agus leis an gciste agus na málaí áille a bronnadh ar na páistí. Bhí ealaín álainn ón gComaoineach ar taispeáint sa halla chomh maith. Míle buíochas le Cumann na dTuismitheoirí a thug an tacaíocht don ócáid.

Thosaigh na turasanna scoile an tseachtain seo. Thug Naíonáin Mhóra cuairt ar champa Let's Go. Bhí Rang 1 agus Rang 2 i gCuskinny. Bhíodar ar fad thar a bheith sásta leo féin.

Bhí áthas an domhain orainn fáilte a chur roimh ár Naíonáin nua chun na scoile ar an gCéadaoin. Guímid gach rath orthu. Táimid faoi chomaoin ag Cumann na dTusimitheoirí as a dtacaíocht ar an lá.

Bhí Rang 6 i mbun Treodóireachta i bPáirc na Trá Móire ar an Luan. Bhí an lá acu agus d'fhoghlaim siad mórán.

Comhghairdeas mór leis an gCoiste Glas a bhí ag ardú feasachta ar bhithéagsúlacht i mbliana. Tá brat glas eile bainte amach ag an scoil agus d'fhreastal siad ar ócáid speisialta i bFota i rith na seachtaine.

Buíochas mór le Páistí Rang 6 (Múinteoir Maria) atá i mbun ranganna corp oideachais le Rang 1 agus 2 faoi láthair. Tá an-fiúntas ag baint leis agus le Rang 6 (Múinteoir Elaine) atá ag spreagadh na léitheoireachta leis na Naíonain.

Bhíomar an-bhródúil as ár lúthchleasaithe óga ar fad a ghlac páirt i Lá Spóirt na Cathrach san MTU inné. Bhí cuma iontach orthu ar fad inár singil scoile. Thugadar go leor duaiseanna abhaile leo an uair seo.

Bainaigí sult as an deireadh seachtaine fada  
Ná dearmadaigí go mbeidh an scoil dúnta ar an Máirt 3ú Meitheamh.

Le meas,  
Niamh Ní Mhaoláin



30th May 2025

# SCÉALTA SCOILE

A Thuismitheoir, a chara,

It's hard to believe that we have reached the end of May,

The Rang 2 celebrations continued Monday with a visit from the animal roadshow. The pizza and cake and the commemorative bags presented to the children were very well received. There was also beautiful artwork from the Communion on display in the hall. Many thanks to Cumann na dTuismitheoirí who facilitated the event.

The school tours began this week. Naíonáin Mhóra visited the Let's Go camp. Rang 1 and Rang 2 were in Cuskinny. They were all very happy with themselves.

We were delighted to welcome our new Junior Infants to school on Wednesday. We wish them all the best. Thanks to Cumann na dTuismitheoirí for their support on the day

Rang 6 were Orienteering in Tramore Park on Monday. They had a great day and learned a lot.

A big congratulations to the Green Flag Committee who raised awareness regarding biodiversity this year. As a result, the school has been awarded another green flag and representatives attended a special event in Fota during the week.

A big thank you to Rang 6 (Múinteoir Maria) who are currently running PE classes with Rang 1 and 2. and to Rang 6 (Rang Elaine) who are reading with Naíonáin Mhóra. Naíonain Mhóra are also reading to Rang 6.

We were very proud of all our young athletes who took part in the Cork City Sports in MTU yesterday. They brought home plenty of prizes too.

Enjoy the long weekend

Don't forget that school will be closed on Tuesday 3rd June

Regards,

Niamh Ní Mhaoláin

